



Music Generation

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

MUSIC GENERATION

GUIDEACHTA GNÍOMHAÍOCHTA AINMNITHE (DAC)



2020



**Music
Generation**

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme. A Music Network Initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds, The Department of Education and Local Music Education Partnerships



An Roinn Oideachais
Department of Education

CLÁR NA NÁBHAR

FOCAL ÓN GCATHAOIRLEACH	01
RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA NÁISIÚNTA	02
MUSIC GENERATION FÍS MISEAN	03
AN BHLIAIN I BPICTIÚIR	04
SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA	05
PRÍOMHIMEACHTAÍ AGUS PRÍOMHSCÉALTA	13
GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS TORTHAÍ NA BLIANA 2020	20
BORD MUSIC GENERATION AGUS OIFIG FORBARTHA NÁISIÚNTA AN BORD AN FHOIREANN	24
RIALACHAS ORÁITEAS MAIDIR LEIS AN MBEALACH INA BHFEIDHMÍONN AN BORD MINICÍOCHT CRUINNITHE BOIRD AGUS COISTE RÁITEAS MAIDIR LE BEARTA BAINISTÍOCHTA RIOSCA	25
AIRGEADAS ACHOIMRE AR FHIGIÚIRÍ NA BLIANA 2020	26
<hr/>	
AGUISÍNÍ AGUISÍN A - COMHALTAS AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD AGUISÍN B - TÁILLÍ AGUS COSTAIS NA STIÚRTHÓIRÍ A ÍOCADH LE COMHALTAÍ AN BHOIRD	27

FOCAL ÓN GCATHAOIRLEACH

Tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2020 a chur i láthair, bhliain neamhghnách a bhí sa bhliain 2020 agus bliain ar lean Music Generation orthu ag cur lena sholáthar leathan do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn.

Bhí aistriú chuig oideachas agus cumadh ceoil ar líne mar thoradh ar phaindéim Covid-19, a d'éiligh iarrachtaí thar na bearta ó fhoireann agus ó chomhpháirtithe Music Generation lena mbealach a dhéanamh timpeall ar an gcomhthéacs nua seo. Bhí obair fhoireann Music Generation ar fud na tíre meáite, cruthaitheach agus spreagúil. In ainneoin na corraíola, rinneadh cláir a bhí ann cheana féin a athshamlú, rinneadh gníomhaíochtaí nua a dhearadh agus cuireadh acmhainní ar fáil lena chinntiú go raibh ar chumas leanaí agus daoine óga leanúint orthu ag cumadh ceoil. Lean Music Generation ar aghaidh ag fás, agus cuireadh tús le cláir i gcúig cinn de cheantair nua sa bhliain 2020.

Tá an uile dhuine ag tabhairt aghaidh ar shaol atá athraithe go mór agus lena mbeidh neamhchainteacht ag baint i ndiaidh na paindéime, agus fós féin, tá Music Generation ag tabhairt aghaidh go huailmhianach agus go fuinniúil ar a dtiomantas i leith a mhisian sa dara deich mbliana: chun athrú ó bhonn a chur ar shaol leanaí agus daoine óga trí rochtain chuig oideachas ceoil atá ar ardchaighdeán. Ar feadh na bliana 2020 agus de réir mar atáimid ag dul ar aghaidh, tá an t-ádh dearg orainn agus tá Music Generation buíoch as tacaíocht a gcomhpháirtithe a bhfuil ardmheas againn orthu. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le U2 go háirithe, le Cisté na hÉireann, leis an Roinn Oideachais, le Music Network, leis an gComhairle Ealaíon agus le líonra na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil, a bhfuil ról lárnach ag na Boird Oideachais agus Oiliúna agus ag na hÚdaráis Áitiúla iontu, agus mbímid ag obair go dlúth lenár sprioc comhroinnte a bhaint amach.

Leo Blennerhassett, Cathaoirleach

RÉAMHRÁ

An 11 Feabhra 2020, bhí sé de phribhléid agam a bheith i gcomhlúadar cúigear Ambasadóir Óga tráth ar fhreastalaíomar ar Iontaobhas Seomra Chomhair na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac chun taispeántas a chur i láthair i gcomhar le Cór na Náisiún Aontaithe agus leis an Pihcintu Multicultural Chorus. Níor shamhlaigh duine ar bith againn ag an tráth sin go mbeidh an tír seo faoi dhianghlásáil i gceann míosa agus go mbeadh leanaí agus daoine óga ag bogadh chuig oideachas ar líne agus go mbeadh taibhiú beo na hearnála ceoil ag dul ar sos.

Ba bhliain a bhí sa bhliain 2020 nach bhfaca duine ar bith againn a leithéid riamh roimhe seo agus bliain a bhí thar a bheith deacair do Music Generation a raibh sé mar dhúshlán acu deiseanna a chothabháil do leanaí agus do dhaoine óga ar fud na tíre chun a bheith rannpháirteach i gcumadh ceoil. Bhí titim de thart ar 30% i líon na rannpháirtithe mar thionchar láithreach ar an bpaindéim. D'aistrigh na hionaid a mbeadh leanaí agus daoine óga rannpháirteach go minic leo chuig oideachas ar líne agus rinneadh iarrachtaí thar na bearta chun rochtain agus rannpháirtíocht a sholáthar trí bhealaí digiteacha. Bhí teaghligh ag streachailt le foghlaim ar líne, le hoibriú ón mbaile agus leis na saincheisteanna a bhain le ceangail leathanbhanda ar fud na tíre.

Thugamar faoi chuar géar foghlama agus le linn na bliana thacaigh Music Generation leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil aistriú chuig dul i mbun oibre ar líne agus leis na deacrachtaí a bhain le Covid a shárú – agus le treoir agus comhairle a thabhairt dóibh ó thaobh uirlisí a ghlanadh agus a dhíghalrú.

D'fhreagair ár gcomhpháirtithe agus oifigí áitiúla le tiomantas agus díograis as cuimse agus le go leor obair chrua. Cruthaíodh os cionn 4,000 píosa d'ábhar digiteach chun tacú le leanaí agus le daoine óga chun ceol a chumadh, agus bhog teagasc ceoil, taispeántais, cumadóireacht agus ensembles chuig an réimse ar líne. Lean leanaí agus daoine óga lena rannpháirtíocht agus tá rannpháirtíocht ar fud na tíre ag teacht chun cinn chuig na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Is léiriú atá anseo ar theacht aniar leanaí agus daoine óga agus ar fhórsa dearfach an cheoil, gur lean an oiread sin acu lena gcuid gníomhaíochtaí ceoil ar feadh na géarchéime.

Is rímhaith a aithníonn Music Generation an riachtanas atá ann 'teacht le chéile agus a bheith scartha amach óna chéile ag an am céanna' agus d'oibrigh Music Generation go crua agus thacaigh leis na Líonraí Oifigí Forbartha Ceoil, le Riarthóirí agus le hOibrithe Acmhainní agus leis na hOideoirí Ceoltóra trínár bPobail Chleachtais agus trí shraith deiseanna oiliúna. Lean Music Generation lena dtiomantas chun oideachas ceoil atá ar ardchaighdeán a sholáthar trí mheicníochtaí ar nós an Chreata Cáilíochta agus trí thacaíocht straitéiseach agus oibríochta a sholáthar d'fhoirne Music Generation atá ag forbairt pleananna oibre.

Lean Music Generation lena ndícheall a dhéanamh leis na spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh – chomh maith le hardchaighdeán a bhaint amach agus dhírigh an eagraíocht ar fhás agus ar inbhuanaitheacht. Leathnaíomar amach chuig chúig cheantar nua - Ciarraí, Cill Dara, an Longfort, an Mhí agus Tiobraid Árann le linn na bliana 2020. Chuir na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (LMEPanna) seo suas agus anuas le 4,000 deis ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ceoil ar fud 46 clár nua. Leanfaimid orainn ag fás sa bhliain 2021 le ceantair nua ar fud na tíre ag cur tús le cláir agus bainfimid ár sprioc maidir le leathnú amach náisiúnta faoin mbliain 2022.

Lean Music Generation le hinbhuanaitheacht na heagraíochta a fhorbairt trí phríomhchomhpháirtíochtaí agus trí thacaíocht na Roinne Oideachais, na Boird Oideachais agus Oiliúna, an Chomhairle Ealaíona, Éire Chruthaitheach, Bank of America, Cistí na hÉireann agus U2 – a bhfuilimid thar a bheith buíoch as.

Le linn dúinn a bheith ag féachaint siar ar an mbliain 2020, agus in ainneoin na gconstaicí a bhí le sárú againn nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, baineadh amach go leor agus foghlaimíodh níos mó arís a rachaidh chun leasa dúinn amach anseo.

Rosaleen Molloy, Stiúrthóir Náisiúnta

MUSIC GENERATION

Is é Music Generation Clár Oideachais Ceoil Náisiúnta na hÉireann, a chuireann athrú ó bhonn ar shaol leanaí agus daoine óga trí rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ceoil atá ar ardchaighdeán ina gcuid ceantar áitiúil. Tá Music Generation, a thionscain Music Network á chómhaoiniú ag U2, Ireland Funds, ag an Roinn Oideachais agus ag Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil, a bhfuil ról lárnach ag na Boird Oideachais agus Oiliúna agus ag na hÚdaráis Áitiúla iontu.

FÍS

“

Tá an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach thar a bheith simplí. Teastaíonn uainn a chinntiú go mbíonn rochtain ag cách, beag beann ar a gcúlra, ar theagasc ceoil. Is é sin an smaoineamh.

- Bono, U2

”

MISEAN

Trí rochtain chuig oideachas ceoil ar ardchaighdeán, athrú ó bhonn a chur ar shaol leanaí agus daoine óga, ag cur ar a gcumas a gcruthaitheacht a fhorbairt, a lánacmhainneacht a shroicheadh, féin-fhás a bhaint amach agus cur lena bhforbairt phearsanta, laistigh de phobal ceoil atá bríomhar.

[Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 - 2021](#)

AN BHLIAIN I BPICTIÚIR



SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA MUSIC GENERATION

FÁS

- Leathnú amach chuig níos mó ceantar ar fud na tíre
- Fás a chothú i dtéarmaí dhoimhne an tsoláthair le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil



INBHUANAITHEACHT

- Leanúint, trí chomhpháirtíocht, le forbairt, neartú agus le cothabháil a dhéanamh ar an mbonneagar d'oideachas ceoil taibhithe
- Tacú le fiúntas taispeántais oideachas ceoil i saol leanaí/daoine óga trí rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhpháirtithe leasmhara agus le sprioc-lucht féachana



CAIGHDEÁN

- Oibriú leis na comhpháirtithe go léir laistigh de Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Music Generation leis an taithí is fearr is féidir a bhaint amach do leanaí/daoine óga in oideachas ceoil taibhithe



OBAIR STRAITÉISEACH NA HOIFIGE FORBARTHA NÁISIÚNTA SA BHLIAIN 2020

FÁS

Chuir na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (LMEPanna) nua Music Generation tús le cláir i gCiarraí, Cill Dara, an Longfort, an Mhí agus Tiobraid Árann le linn na bliana 2020, a chuir 4,000 deis ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ceoil ar fud 46 clár nua. Rinneadh na cláir seo a sheachadadh i meascán suíomhanna, lena n-áirítear, timpeallachtaí scoile, moil phobail agus seirbhísí óige. Chuir Covid-19 as do luas an chuir chun feidhme, mar shampla, i dtéarmaí earcaíochta, ach bhí na painéil go léir Oideoirí Ceoil agus an fhoireann riaracháin ag feidhmiú faoi dheireadh na bliana 2020. Sa bhreis air sin, tá bainc uirlisí i ngach Ceantar LMEP de chuid Music Generation chun trealamh a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga chun cuidiú leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceoil.

Rinneadh dul chun cinn freisin sa bhliain 2020 ar an bpróiseas ullmhaithe do LMEPanna (Baile Átha Cliath, Fine Gall, Contae Luimnigh agus Contae Chorcaí).

Chomh maith leis an méid sin a bhaint amach, bhí dúshlán i ndán do chlár a bhí ann cheana féin mar gheall ar Covid-19 agus ar shrianta. Rinneadh tréan-iarrachtaí sna LMEPanna ar fud na tíre chun na cláir a chur chun cinn agus a chur i gcrích le linn na paindéime trí ghlacadh le samhlacha nua foghlama ar líne/foghlaim chumaisc. Chuir an Oifig Forbartha Náisiúnta (NDO) tacaíocht ad-hoc agus tacaíocht laethúil ar fáil chun cuidiú leis na hiarrachtaí seo agus áiríodh ionchur ar phrótacail Covid-19 agus físeáin theagascacha ar líne – ó chomhairle oideolaíochta/comhairle sláinte go comhairle maidir le deachleachtas ó thaobh sábháilteachta. Chuir an NDO tacaíocht straitéiseach, tráthúil agus stuama ar fáil freisin do na hOifigigh Forbartha Geoil chun athstruchtúrú a dhéanamh ar phleananna oibre agus seachadadh cláir a athshamlú, go háirithe le linn an chéad dianghlasáil i Márta na bliana 2020.

Bhí tionchar ag an bpaindéim ar na leibhéil rannpháirtíochta i gclár Music Generation. Sa chás é a bheith indéanta, rinne Music Generation agus eagraíochtaí comhpháirtíochta iarracht na cláir a bhí ann cheana féin a choinneáil, cláir nua a dhearadh agus bheith in ann feidhmiú i gcomhthéacs cianda, agus cláir eile a athshamlú. Mar sin féin, b'éigin líon cláir a chur ar sos, agus i roinnt cásanna, rinne an bogadh ar líne laghdú ar líon fhoriomlán na rannpháirtithe.

BOGADH AR LÍNE: CEOLFHOIREANN CONSAIRTÍN NA HÉIREANN

Ar shampla amháin a thugann léiriú ar thionchar Covid-19 ar chlár le linn na bliana 2020, tá tionscadal Music Generation an Chláir a bhí chun tús a chur le Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann (ICO), a bhí á mhaoiniú tríd an gCiste Cruthaitheachta agus Comhoibríoch. Bhí clár an ICO, a bhí beartaithe do mhí Deireadh Fómhair 2020 i dtús báire, dírithe ar:

- Cur go straitéiseach le traidisiún an chonsairtín i gContae an Chláir agus lasmuigh de Chontae an Chláir, i gcomhpháirtíocht leis an Dr Tim Collins agus le Féile an Chonsairtín
- Cur go straitéiseach le cláir don Chonsairtín i Music Generation an Chláir
- Leathnú a dhéanamh ar thaithí ceoil foghlaimeoirí óga an chonsairtín agus a gcumadh ceoil a chur chun cinn trí dhá dhian-théarma seachtainiúil, agus trí cheardlann aon uaire an chloig le Tim Collins agus Pádraig Rynne
- Clár an chonsairtín ar an líonra náisiúnta a chur chun cinn
- Oibriú le ceoltóirí gairmiúla ceannródaíoch a trí choimisiúnú a dhéanamh ar an gcumadóir, ceoltóir agus oideir mór le rá, an Dr. Tim Collins, sraith ceoil a scríobh agus a eagrú a bheidh ar chumas chomhaltaí an ICO é a thaibhiú
- Clár faisnéise a sholáthar a léiríonn turas an ghrúpa agus iad ag ullmhú don taispeántas maidir leis an gConsairtín, lena thaispeánt ar an teilifís in Éirinn



Cé nach bhféadfaí leanúint leis an tionscadal a chur chun cinn mar a bhí beartaithe, rinneadh gníomhaíochtaí a dhearadh arís. Soláthraíodh gach rang consairtín ar líne do leanaí agus do dhaoine óga agus beidh an taispeántas ceiliúrtha ar siúl i gcomhpháirtíocht le Féile an Chonsairtín, cé gur i leagan amach ar líne a bheidh an taispeántas anois. Ullmhíodh an clár faisnéise agus an scannánaíocht ag feidhmiú timpeall ar threoirínte an Rialtais agus cé go bhfuil moill curtha air, seolfar an clár faisnéise roimh dheireadh an tsamhraidh na bliana 2021.

Tacaíonn an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibríoch le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chuireann deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga agus do cheoltóirí a theacht le chéile ó thaobh an cheoil de. Tugann na cláir seo léiriú freisin ar thionchar Covid-19 ar chlársceidealú. Ar dtús, bhí sé beartaithe go mbeadh dhá thionscadal déag ar siúl sa bhliain 2020, go leor acu le linn mhíonna an tsamhraidh agus ag tarraingt le deireadh na bliana. Mar thoradh ar an bpaindéim, áfach, ní rabhthas in ann ach ceithre thionscadal a chur chun cinn mar a bhí beartaithe. Cuireadh an chuid eile de na hocht dtionscadal siar go hiomlán nó cuireadh cuid acu siar go dtí gur féidir tús a chur arís le gníomhaíochtaí físiúla agus cuireadh gníomhaíochtaí eile ar líne agus leanadh ar aghaidh leo, bíodh is gur leagan laghdaithe a bhí i gceist uaireanta.

INBHUANAITHEACTH

Sa bhliain 2020, lean Music Generation leis an fhócas ar inbhuanaitheacht na heagraíochta a chinntiú trína dhul sa tóir ar inbhuanaitheacht airgeadais, caidreamh leis na príomhpháirtithe leasmhara a chothú agus an obair atá idir lámha ag Music Generation a chur ar na súile don phobal.

INBHUANAITHEACTH AIRGEADAIS


Mar gheall ar Covid-19, bhí sé mar thosaíocht sa bhliain 2020 an tsolúbthacht riachtanach a aimsiú laistigh den tsamhail chistithe cómhaoinithe chun cothabháil a dhéanamh ar sheachadadh an leibhéil teagaisc is fearr is féidir do leanaí agus do dhaoine óga. Bhí sé sin indéanta trí thacaíocht na Roinne Oideachais.

D'aistrigh cúig Cheantar LMEP Céim 2 ó mhaoiniú daonchairdis go maoiniú poiblí sa bhliain 2020: Contae na Gaillimhe, Liatroim, Dún Laoghaire – Ráth an Dúin, Port Láirge agus Loch Garman. Tá an chuid eile de LMEPanna Céim 2 ar na bacáin le haistriú chuig maoiniú Stáitchiste i Ráithe 4, den bhliain 2021.



CÉIM 1 LMEPANNA

- Ceatharlach
- An Clár
- Cathair Chorcaí
- Laois
- Cathair Luimnigh
- Lú
- Maigh Eo
- Uíbh Fhailí - an Iarmhí
- Sligeach
- Baile Átha Cliath Theas
- Cill Mhantáin



CÉIM 2 LMEPANNA

- An Cabhán - Muineacháin
- Dún Laoghaire - Ráth an Dúin
- Cathair na Gaillimhe
- Contae na Gaillimhe
- Cill Chainnigh
- Liatroim
- Ros Comáin
- Port Láirge
- Loch Garman



CEANTAIR NÁISIÚNTA LEATHNAITHE

- Contae Chorcaí
- Cathair Bhaile Átha Cliath
- Fine Gall
- Ciarraí
- Cill Dara
- Contae Luimnigh
- An Longfort
- An Mhí
- Tiobraid Árann

CAIDREAMH A CHOTHÚ LEIS NA PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA

Chomh maith leis an tacaíocht airgeadais ón Roinn Oideachais, chuir Music Generation sprioc na heagraíochta maidir le leathnú a bhaint amach ar bhonn náisiúnta faoin mbliain 2022 chun cinn freisin, atá cumasaithe mar chuid den Philéar Óige Cruthaitheach Éire Chruthaitheach.

Mar gheall ar Covid-19, cuireadh síneadh le comhpháirtíocht Music Generation 2017 – 2020 leis an gComhairle Ealaíon go dtí an bhliain 2021, agus cuireadh roinnt tionscnaimh siar go dtí an bhliain 2021 tráth a ndéanfar lagú ar shrianta an Rialtais.

Bunaíodh, trí Fhóram Phríomhfheidhmeannaigh an ETB, Grúpa Stiúrtha Stiúrthóireachta ETB Music Generation sa bhliain 2020. Dhírigh an grúpa seo ar mholtaí éagsúla a chur i bhfeidhm a bhí dírithe ar chlár Music Generation a neadú laistigh de na ETBanna agus le hinbhuanaitheacht a láidriú.

Mar chuid de chomhpháirtíocht leanúnach leis an Bank of America, ghlac an NDO páirt i gClár Malartaithe Scileanna an Bank of America. Nascann an clár seo carthanais le scileanna agus taithí fhostaithe an Bank of America a d'fhéadfadh a dhul chun leasa do na carthanais seo chun a gcuspóirí a bhaint amach. Tá Music Generation buíoch do Bank of America mar gheall gur cuireadh san áireamh sa chlár seo iad sa bhliain 2020 agus as an saineolas a chuaigh chun tairbhe go mór don eagraíocht.

CUMARSÁID A DHÉANAMH MAIDIR LENÁR GCUID OIBRE



2010 - 2020



**Music
Generation**

2020

Ag tús na bliana 2020, rinne Music Generation coimisiúnú ar athnuachan a dhéanamh ar a fhéiniúlacht físiúil. Bhí sé i gceist an tionscadal lógónna náisiúnta agus áitiúla a bheith ar aon dul le caighdeáin inrochtaineachta chun feabhas a chur ar inúsáidteacht do chomhpháirtithe áitiúla. Seoladh an tsraith lógónna nua i mí Iúil agus glacadh leo ar fud na tíre.

Le linn an ama a raibh an branda á fhorbairt, sheol an Oifig Forbartha Náisiúnta láithreán gréasáin athchóirithe. Chomh maith leis an láithreán gréasáin a thabhairt cothrom le dáta ó thaobh dearcadh teicniúil agus inrochtaineachta, cuireann athdhearadh an láithreán gréasáin béim ar fhás Music Generation faoi cheann 10 mbliana agus cruthaíonn tairseach chun tionchair na gclár ar leanaí agus daoine óga a thaispeáint.

Leanamar le cumarsáid a dhéanamh maidir leis an tionchar dearfach atá ag Music Generation ar shaol leanaí agus daoine óga beag beann ar Covid-19. Trí bhealaí éagsúla cumarsáide, bhí sé mar phríomhchuspóir le feidhmeanna cumarsáide agus margaíochta na heagraíochta leanúint lenár sprioc-lucht féachana a choinneáil (deontóirí reatha agus ionchasacha; an Roinn Oideachais agus ár gcomhpháirtithe gníomhaireachta reachtúil; múinteoirí agus príomhoidí scoile; tuismitheoirí, caomhnóirí agus an phobail i gcoitinne; agus na pobail sna cheithre cheantar atá fós le heagrú; leanaí agus daoine óga) a choinneáil ar an eolas go bhfuil Music Generation ag coinneáil an cheoil beo bríomhar do leanaí agus do dhaoine óga ar fud na hÉireann le linn tréimhse atá thar a bheith deacair. Chomh maith leis sin, leanadh le tacaíocht agus treoir chumarsáide a chur ar fáil dár gcomhpháirtithe áitiúla maidir lena bpleananna agus gníomhaíochtaí cumarsáide a fhorbairt ar feadh na bliana de réir mar a d'fhreagair gach clár de chuid Music Generation do ghéarchéim COVID-19.



CÁILÍOCHT

Building on Music Generation's strategic commitment to quality, the Quality, Support and Development (QSD) Function was formed in 2019. QSD's role is to develop, articulate and enable the rollout of Music Generation's Quality Framework while providing ongoing support to Music Development Officers in all stages of programme development.

In 2020, QSD continued to progress this role through training and continuous professional development opportunities (CPD), and the development of opportunities for shared learning.

BAINISTÍOCHT AGUS TACAÍOCHTAÍ LÍONRA AN LMEP

Bhí sé mar aidhm ag an Fheidhm QSD cláir thacaíochta a shocrú suas do Cheantair nua an LMEP a gcuirfead tús leo sa bhliain 2020. Mar chuid den phróiseas seo, d'fheidhmigh an QSD:

- próiseas ionduchtúcháin agus tacaíochta do na MDOanna sna ceantair leathnaithe náisiúnta
- tacaíochtaí ionduchtúcháin do na MDOanna nua trí sheisiúin leis na feidhmeanna Airgeadais, Oibríochtaí agus Cumarsáide
- cruinnithe tacaíochtaí míosúla inar áiríodh comhaltaí foirne breise óna príomhcheantair ag amanna ábhartha
- oiliúint sa Chreat Cáilíochta do na MDOanna nua
- tacaíocht maidir le Pleananna Oibre a fhorbairt ar feadh na bliana.

B'éigean do go leor LMEPanna aonair próisis pleanála straitéiseacha áitiúla a chur siar nó iad a chur ar an méar fhada agus ina ionad sin, tugadh tosaíocht d'acmhainní a chur ar fáil agus d'ullmhacht. Cuireadh forbairt roinnt pleananna straitéiseacha ar athló go dtí 2022.

Tríd an Aonad Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha den Oifig Forbartha Náisiúnta beartú do agus seachadadh a dhéanamh maidir le:

- Bainistíocht agus Tacaíochtaí Líonra an LMEP
- Cláir Chruthaitheachta agus Comhoibrithe
- Príomhthionscadail Náisiúnta Taibhithe
- Cláir do Bealaí a Chur Chun Cinn
- Oiliúint
- Taighde agus Meastóireacht
- Cláir cur chun Feidhme an Chreata Cáilíochta (QF)

OILIÚINT, CPD AGUS LÍONRAÍ D'FHOIREANN LMEP MUSIC GENERATION

Sa bhliain 2020, bhí sé mar aidhm ag QSD leanúint le hinfheistíocht Music Generation i líonraí forbartha agus foghlama gairmiúla do cheoltóirí chun tacú leo ina rannpháirtíocht maidir le cur chuige nua agus le bealaí nua smaointeoireachta i ndáil le cleachtadh oideachais ceoil taibhithe. Bhí sé mar aidhm ag an NDO freisin, i gcomhpháirtíocht le hOifig Forbartha Ceoil, painéal Ceoltóirí Tosaigh a bhunú agus sraith tionscnaimh uas-scileanna a fhorbairt chun an cohórt seo a chumhachtú. Mar sin féin, thug réamhobair ar an ngníomh seo le fios go raibh éagsúlacht nach rabhtas ag súil leis ar fud NDOanna/LMEPanna ó thaobh tuiscint a fháil ar ról an Cheoltóra Tosaigh, a raibh atreorú fócais mar thoradh air.

Rinneadh forbairt ar an togra ar cuireadh tús leis mar laethanta oiliúna oideolaíochta sonracha san fhonnadóireacht, téaduirilísí clasaiceacha agus oideolaíocht luath-óige mar Phobail Chleachtais (CoP) a thagann le chéile ar bhonn míosúil (tionóladh 15 seisiún sa bhliain 2020).

Réitíonn Pobail Chleachtais le cuspóir Music Generation, sé sin gníomhú ar thionscnaimh faoi stiúir ceoltóirí chun torthaí dearfacha ó thaobh an cheoil a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga agus aitheantas a thabhairt do riachtanais ceoltóirí cur lena gcleachtas cruthaitheach. Tionóladh Pobail Chleachtais sonracha don luath-óige, don fhonnadóireacht, do théaduirilísí clasaiceacha, prásuirilísí agus uirlísí gaoithe, ceol nua-aoiseach, agus ceol traidisiúnta na hÉireann agus freastalaíonn na grúpaí seo ar idir 8-20 duine ag gach cruinniú. Is Oideoirí Ceoltóra iad an lucht freastail a thagann le chéile lena gcuid ceardaíochta, foghlaim comhroinnte agus acmhainní a phlé, agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas mar oideoirí do leanaí agus do dhaoine óga.

Spéisiúil go leor, chuir an t-aistriú chuig cianobair deiseanna ollmhóra ar fáil do chruinnithe ar líne agus do rannpháirtíocht smaointeoireachta. Roimhe seo, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh Oideoirí Ceoltóra le chéile ar Lá Náisiúnta na gCeoltóirí (a cuireadh siar sa bhliain 2020 mar gheall ar Covid-19). Mar sin féin, cheadaigh a bheith in ann a theacht le chéile i spásanna fíorúla go rabhtas in ann casadh le daoine ar fud na tíre níos minice agus níos éasca.

Rinne Music Generation iarracht freisin comhordú a dhéanamh ar fhóiraim éagsúla chun foghlaim comhroinnte/malartú faisnéise a chumasú laistigh agus idir na LMEPanna atá ann cheana féin agus na LMEPanna nua. Glacadh céimeanna chun é seo a chur chun cinn trí líon cainéil – mar shampla, trína hOifig Forbartha Ceoil, Oideoirí Ceoltóra, Príomhchomhpháirtithe agus na LMEPanna.



- Rinne an QSD éascú ar naoi gCruinniú Líonra sa bhliain 2020 agus chuir Lucht Riaracháin agus Oibrithe Acmhainní tús le cruinniú agus tionóladh dhá chruinniú sa bhliain 2020.
- Beartaíodh Oiliúint Bhainistíochta maidir le hOideachas Ceoil Taibhithe agus chuir an QSD tús leis sin do dheich gcinn de MDOanna i mí Deireadh Fómhair 2020. Beidh an oiliúint ar siúl ar bhonn míosúil go dtí mí an Mheithimh 2021
- Reáchtáladh seacht gceardlann oiliúna do Lucht Riaracháin agus d'Oibrithe Acmhainní, go háirithe i réimsí meáin shóisialta, margaiócht agus cruthú ábhair.

CREAT CÁILÍOCHTA

Chuir tionchar Covid-19 moill ar chríochnú an Athbhreithnithe ar Cháilíocht sa bhliain 2020. As na 26 athbhreithniú a bhí beartaithe, cuireadh tús le 24 sa bhliain 2020 agus tugadh trí cinn acu chun críche. Bhí go leor de na athbhreithnithe beartaithe do chlár bheo, agus cuireadh roinnt acu seo ar sos ar feadh tamaill mar thoradh ar an bpaindéim. I gcásanna eile, rinne na srianta teorannú ar an gcumas fianaise a bhailiú chun athbhreithniú a stiúradh.

Bhí tús a chur le hathbhreithnithe meastóireachta ar Bhliain 1 den Chreat Cáilíochta agus bhí cur chuige i leith oideachas ceoil taibhithe rang iomlán laistigh de thimpeallachtaí scoile beartaithe i dtús báire don bhliain 2020, roimh an bpaindéim. Rinneadh cinneadh díriú ar dtús ar mheastóireacht inmheánach ar shonraí a bhí cruthaithe ag an gCreat Cáilíochta, le hathbhreithnithe meastóireachta leathbhliantúla ar an gCreat Cáilíochta. Bhí moill ar chruthú sonraí mar thoradh ar na Athbhreithnithe a bheith deireanach á gcríochnú, mar sin cuirfear tús le meastóireacht inmheánach sa bhliain 2021 ach leibhéal leordhóthanach faisnéise a bheith ar fáil le haghaidh anailíse.

Leanadh le hoiliúint ar an gCreat Cáilíochta sa bhliain 2020. Chomh maith le hoiliúint a bheith curtha san áireamh sna próisis ionductúcháin nua, cuireadh ábhar oiliúna in oiriúint d'úsáid ar líne le hOifig Forbartha Ceoil sa Dara Ráithe agus cuireadh oiliúint ar fáil do na MDOanna go léir chomh maith leis na Riarthóirí le linn na bliana 2020. Ghlac cheithre ghrúpa páirt i gclár oiliúna Creat Cáilíochta 8 seachtaine agus reáchtáladh ocht gcinn de sheisiúin aonair d'fhoirne áitiúla Music Generation.




CAD IS CREAT CÁILÍOCHTA ANN?

Rinneadh forbairt ar an gCreat Cáilíochta ó Aibreán 2018 go dtí Meitheamh 2019 i gcomhar leis an Oifig Forbartha Náisiúnta agus na hOifigigh Forbartha Ceoil (MDO) le tacaíocht ón Roinn Oideachais. Bhí tagairt don dea-chleachtas reatha i réimsí an oideachais ealaíona agus an cheoil mar bhonn taca leis an bpróiseas.

Tá fíis Music Generation d'oideachas ceoil taibhithe bunaithe ar mheas air agus ceiliúradh a dhéanamh ar an raon is leithne seánraí ceoil. Cuireann ár dtiomantas i leith na hionchuimsitheachta agus na rochtana, deis ar fáil dúinn chun oibriú le CYP ó chúlraí agus ó chúinsí éagsúla a dhéanann suas sochaí na hÉireann. Ní mór go n-áiríonn ár gcur chuige i leith na cáilíochta, iolracht cleachtas ceoil agus raon leathan spriocanna agus ionchas ó fhoghlaim, tuismitheoirí, scoileanna agus páirtithe leasmhara eile.

Is é atá mar chuspóir le Creat Cáilíochta Music Generation go mbeidh an deis is fearr is féidir agus an seachadadh is fearr is féidir á chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga (CYP) atá bainteach leis na LMEPanna ar fud seánraí, comhthéacsanna agus ceantair gheografacha.

Tá próiseas Creat Cáilíochta Music Generation á stiúradh ag an MDO. Roghnaíonn an MDO, gach aon bhliain, idir 1 agus 3 réimse den chlár chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh athbhreithniú maireachtáil ó chúpla seachtain go bliain acadúil iomlán, ag brath ar chastacht an réimse atá faoi athbhreithniú. Tá iniúchadh ar cháilíocht an chlár i gceist leis an bpróiseas féin, trí fhianaise a bhailiú maidir le foghlaim, agus ar deireadh pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun cur le cáilíocht an chlár amach anseo.



FÍOR 1: PARAMÉADAIR CREAT CÁILÍOCHTA MUSIC GENERATION

BUAICPHOINTÍ AN CHLÁIR

SCÉALTA AGUS IMEACHTAÍ ÁITIÚLA

CEATHARLACH

Bhí Féile Ceoil Bhliantúil @ Stua Laighean ar siúl den séú bliain as a chéile, féile ceoil thraidisiúnta na hÉireann atá i gceist leis an fhéile seo agus bhí Music Generation Cheatharlach i mbun óstála, bhí an fhéile ar siúl ar feadh cúig lá i sráidbhaile na Buiríse, Contae Cheatharlach.

[Féach ar an gceolchoirm.](#)

AN CABHÁN / MUINEACHÁN

In ainneoin a bheith ar an gcomhpháirtíocht is deireanaí a ghlac comhaltas sa líonra náisiúnta, tá an tionchar dearfach atá ag Music Generation An Cabhán/Muineachán ar an rochtain áitiúil ar oideachas ceoil taibhithe le brath cheana féin ag leanáí agus ag daoine óga. Tugann an físeán gearr seo ar an gclár faisnéise léargas ar an fhiúntas a bhaineann leis comhoibriú, ionchuimsitheacht agus cruthaitheacht i measc na bpobal áitiúil agus gan ach shé mhí den chlár caite. [Féach ar an fhíseán.](#)

AN CLÁR

D'fhógair Music Generation an Chláir seoladh Cheolfhoireann Consairtín na hÉireann don Aos Óg, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn. [Léigh tuilleadh.](#)

CATHAIR CHORCAÍ

Is mná óga ar leith iad Amy O'Callaghan agus Caoimhe Barry chomh maith lena bheith ina gceoltóirí prásuirilísí den scoth, a d'fhás aníos mar rannpháirtithe Music Generation Chathair Chorcaí. Inniu, tá siad i mbun staidéar ceoil ardleibhéil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus tá siad i measc na chéad 'Teagascóirí Printíseacha' riamh a d'oibrigh ar an gclár, ag tabhairt treoir do agus ag déanamh meantóireachta ar an gcéad ghlúin eile de cheoltóirí óga. [Féach ar an gclár faisnéise.](#)

CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Agus tús curtha le leathadh amach beartaithe Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath, d'eisigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Oifig Forbartha Náisiúnta feachtas earcaíochta ag deireadh na bliana chun Oifigeach Forbartha nua Music Generation a cheapadh.





DÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN

Chruthaigh Music Generation Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin comhpháirtíocht le Scoil Speisialta Carmona i nGleann na gCaorach dhá bhliain ó shin. Le chéile, fuair siad amach an bealach inar féidir le cur chuige nuálach agus ionchuimsitheach i leith cumadh ceoil tionchar mór a bheith aige ar shaol leanaí agus daoine óga. [Féach ar an gclár faisnéise.](#)

CATHAIR NA GAILLIMHE

Ag leanúint ar aghaidh ó thrí cheardlann Drop Your Hip-Hop, taispeánadh den chéad uair an fuaimrian bunaidh den 'Galway Toast', a bhí scríofa, léirithe agus a raibh scannánaíocht déanta ag grúpa daoine óga air, mar chuid den 'Galway Sound Harvest', tionscadal le Atmos Collective, le tacaíocht ó Ghailimh 2020 agus ó Music Generation Chathair na Gaillimhe. [Féach ar an ócáid ar líne.](#)

CONTAE NA GAILLIMHE

Rinne ceolfhoireann aos óg iarthar na hÉireann, Symphonic Waves, taifeadadh ar thaibhiú nua, U2's 'With or Without You', a chuir Gaillimh 2020 agus Music Generation Chontae na Gaillimhe i láthair, díreach sular cuireadh srianta na dianghlasála i bhfeidhm. Taispeánadh an léiriúchán, a bhí ullmhaithe ag Glen Austin agus á stiúradh Jimmy Cavanagh, ar líne den chéad uair. [Féach ar an ócáid ar líne.](#)

CIARRAÍ

Sheol Music Generation Chiarraí sraith nua foghlama ar líne do cheoltóirí óga sa chontae, lena n-áirítear, teagasc uirlise agus fonnadóireachta agus taibhiú ceoil agus cumadh amhrán, agus cuireadh uirlisí ar fáil ar cíos íseal freisin do leanaí agus do dhaoine óga sa chontae.

CILL DARA

Reáchtáil Music Generation Chill Dara cúrsa ar líne do dhaoine óga a raibh spéis acu foghlaim faoi chumadh amhrán, faoi thaifeadadh, faoi eagarthóireacht, taibhiú agus innealtóireacht fuaimne, a rinne saol an léiriúchán ceoil a chur i láthair cheoltóirí óga.

CILL CHAINNIGH

Rinne Music Generation Chill Chainnigh ceiliúradh ar sheoladh 'Feel the Victory', amhrán nua a bhí scríofa ag daoine óga do dhaoine óga. Tá céadligeán an amhráin seo mar fhreagra inspioráideach ceoil ar thaithí na ndaoine óga féin ar Covid-19, agus mar theachtaireacht dóchais agus teacht aniar do leanaí agus do dhaoine óga eile le linn an ama seo atá thar a bheith dúshlánach. [Léigh tuilleadh.](#)

LAOIS

Rinne Music Generation Laoise athshamhlú ar an gcúigiú féile Tionól bliantúil do chláirseacha agus do na píoba trí mheascán de mháistir-ranganna aonair agus ar líne, ceardlanna agus taibhiúcháin agus é mar aidhm daoine a thabhairt le chéile tríd an gceol. [Léigh tuilleadh.](#)

"Bhí na teagascóirí go léir thar barr (go háirithe ár dteagascóir áitiúil féin, Joe Byrne) agus d'fhoghlaim mé go leor poirt agus teicnící nua."

– Tom (12), Píobaire Uilleann Óg

LIATROIM

Ba thionscadal nua spreagúil a bhí sa Chlub Ceoil Tíre d'amhránaithe óga an cheoil tíre sa réigiún. Threoraigh Cathy Jordan, an t-amhránaí mór le rá ón ngrúpa traidisiúnta Dervish, leanaí agus daoine óga trí cheol agus amhráin thraidisiúnta sa tionscnamh seo de chuid Music Generation Liatroma, agus d'fhoghlaim siad stór mór d'amhráin tíre agus thraidisiúnta ón gceantar áitiúil agus níos faide ó bhaile araon.

CATHAIR LUIMNIGH

Rinne Music Generation Chathair Luimnigh forbairt ar chur chuige uathúil, bríomhar agus idirghníomhach i leith oideachas ceoil taibhithe sa seomra ranga. Thug an clár seo, ina bhfuil roinnt de na ceoltóirí is fearr in Éirinn, an deis do leanaí stíleanna difriúla ceoil a chleachtadh, eolas a chur air agus amhráin tíre a fhoghlaim agus scileanna a fhorbairt chun a gcuid ceoil féin a chruthú. [Féach ar an tréiléar.](#)

AN LONGFORT

D'oibrigh Music Generation an Longfoirt le grúpa óg Rómánach i Soláthar Díreach trí Sheirbhís Óige an Longfoirt, ar mhaithe leis an oideachas ceoil taibhithe a thabhairt chomh fada leo agus a saol a shaibhriú mar thoradh air sin.





LÚ

Thug Nuacht TG4 cuairt ar Ghaelscoil Dhún Dealgan chun a fháil amach faoi Chlár na Cláirsí faoi stiúir Music Generation Lú, faigheann an clár seo tacaíocht ó ETB PEACE IV na Mí agus Lú arna mhaoiniú ag Idirghabhálacha Cruthaitheacha. [Féach ar an fhíseán.](#)

MAIGH EO

Chuir The Core, arna reáchtáil faoi choimirce Music Generation Chontae Mhaigh Eo, an áit atá acu chun ceol a chumadh ar fáil ar líne. Chomh maith leis na himeachtaí open mic, thug Seisiúin Dianghlasála The Core deis do dhaoine óga idir 12 agus 18 bliana d'aois tabhairt faoin stáitse go rialta i rith na bliana.

AN MHÍ

Sheol Music Generation na Mí a gcéad tionscadal le linn an tsamhraidh a bhí oscailte do dhaoine óga ar fud na tíre. Chuir sár-réalta an West End, Killian Donnelly, ranganna teagaisc ar líne ar fáil do ghrúpa beag chomh maith le sraith Ceisteanna agus Freagraí ó thaibheoirí uailmhianacha.

UÍBH FHAILÍ / AN IARMHÍ

Chuaigh Music Generation Uíbh Fhailí / na hIarmhí i gcomhpháirtíocht le hObair d'Ógra na hÉireann (Lár Tíre) chun taithí ceoil cuimsitheach a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga sa Mhuileann gCearr agus in Éadan Doire. Trí oibriú le chéile, d'aimsigh siad bealaí chun oibriú ar fud pobail, chun cruthaitheacht dhaoine óga a chur chun tosaigh agus spásanna a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh ar a gcumas bualadh le chéile, ceol a chumadh agus a chomhroinnt ar a suaimhneas. [Féach ar an fhíseán.](#)

ROS COMÁIN

Chuir Ceolfhoireann Óige Ros Comáin i gcomhar le Music Generation Ros Comáin tús lena n-aistear sa domhan fíorúil in 2020 agus bhí teaghlaigh ó ar fud an chontae páirteach ann. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le moil cheoil a d'fhás ó thaobh méide agus lín de i mBealach an Doirín, Mainistir na Búille agus i mbaile Ros Comáin, a chuir ar chumas leanaí agus daoine óga idir 6 bliana d'aois agus 18 bliana d'aois leanúint lena n-oideachas taibhithe ceoil i gcláir rac-cheoil, phopcheoil agus chlasaiceacha.

SLIGEACH

Tháinig Glórtha Aos Óg Shligigh ar ais go fíorúil sa bhliain 2020 do roinnt amhránaíochta spráúil do leanaí agus do dhaoine óga idir 6 agus 13 bliain d'aois. Chuir Music Generation Shligigh i gcomhar le hAmharclann Hawk's Well Sligigh 'Half the World Away' ar stáitse agus is iad Glórtha Aos Óg Shligigh a bhí ag canadh. [Féach ar an ócáid ar líne.](#)

BAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Tá Megan McGarry atá 17 bliain d'aois ina chomhalta de SubSounds Music Collective, atá á mhaoiniú ag Music Generation Baile Átha Cliath Theas. Tá sí ar dhuine de na ceoltóirí óga freisin atá bainteach le DECLARE & PROTEST – mionchíoradh ar ról na staire sna hamhráin agóide agus Dearbhú Uile-Choiteann Cearta an Duine na Náisiún Aontaithe. Ag labhairt di le Music Generation, roinn Megan a taithí ar an tionscadal seo, roinn sí a cuid tuairimí maidir le ról an cheoil sa tsochaí agus an pháirt atá ag an gceol ina saol. [Léigh tuilleadh.](#)

TIOBRAID ÁRANN

Chuaigh an fídléir agus an cumadóir Éireannach, Zoë Conway, i bpáirt le Music Generation Thiobraid Árann chun máistir-rang thar a bheith speisialta a chur ar fáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Domhanda na Fidle 2020. Chomh maith le comhairle, leideanna agus cleasa a roinnt le fídléirí óga ar fud na hÉireann, roinn Zoë trí phort nua leis na rannpháirtithe lena bhfoghlaím agus le taitneamh a bhaint astu. Cuireadh an máistir-rang ar líne seo ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga le sult a bhaint as le linn mhíonna an tsamhraidh.

PORT LÁIRGE

Chuir Music Generation Phort Láirge an chéad taibhiúchán riamh le Ceolfhoireann Cláirsí Phort Láirge amach ar líne le linn an tsamhraidh, tar éis cúpla mí cleachtadh leis an oideoir ceoltóra áitiúil, Jill Devlin agus an t-aoi-stiúrthóir Siobhán Buckley (ó Music Generation Laoise). [Féach ar an fhíseán.](#)

LOCH GARMAN

Lean Music Generation Loch Garman lena sraith de High Street Opera le Elizabeth Drwal trí Zoom. Spreagann an clár leanaí in aois 8+ a nglór agus a gcumas ceoil a fhorbairt agus freagraí cruthaitheach i leith ceoldrámaíocht a scrúdú ag an am céanna.

CILL MHANTÁIN

Le tacaíocht ó Music Network, bhí deis ag comhaltaí Rithim Orchestra Music Generation Chill Mhantáin ceardlann a bheith acu leis an fhídléir Donal O'Connor agus leis an gceoltóir consairtín, Jack Talty, níos tuisce sa bhliain.



AMBASADÓIRÍ ÓGA: IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

Cuireann Ambasadóirí Óga Music Generation deiseanna fiúntacha ar fáil do cheoltóirí óga ar fud na tíre chun cur i láthair a dhéanamh ag imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ní raibh difríocht ar bith ann i mbliana agus le tacaíocht ó lucht maoinithe agus ó dheontóirí, lean na hAmbasadóirí Óga le taitneamh a bhaint as cur i láthair ar líne agus as líne:

FEABHRA

Bhí sé d'onóir ag ensemble de chúigear ceoltóirí traidisiúnta Éireannacha as réigiún thoir-thuidh na tíre ionadaíocht a dhéanamh ar Music Generation i gCeanncheathrú na Náisiún Aontaithe i gCathair Nua-Eabhrac, tráth ar ghlac iarUachtarán na hÉireann, Mary Robinson, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, agus Bona ó U2 páirt i seoladh 'The Drive For Five' le Rialtas na hÉireann, an glaoch domhanda le haghaidh gníomh le hoideachas a chur ar chailíní óga.

[Léigh tuilleadh.](#)

BEALTAINE

Rinne 11 contae dhifriúla ó Chiarraí go dtí an Cabhán, forbairt ar imeachtaí, tionscadail agus máistir-ranganna nua chun ardán a thabhairt do cheoltóirí óga lena gcuid ceoil a chur i láthair ar líne agus as líne le linn lá bliantúil na cruthaitheachta na bliana seo do leanaí agus do dhaoine óga, Cruinniú na nÓg. [Léigh tuilleadh.](#)



MEITHEAMH

Bhí Music Generation thar a bheith sásta ardán a chur ar fáil do chumadh ceoil cruthaitheach ag daoine óga ag Comhdháil Chisté na hÉireann – Ceiliúradh Fíorúil 2020. Rinne comhaltaí d'Ensemble Traidisiúnta Sinsearach Music Generation Phort Láirge taifeadadh ar leagan comhoibríoch agus scartha go sóisialta de Marcos Llope, a bhí cumtha ag Brian Finnegan. [Féach ar an taibhiú.](#)

MEITHEAMH

An Domhnach 21 Meitheamh, ghlac ceoltóirí óga ar fud líonra Music Generation páirt san ómós a chuireadh in iúl d'oibrithe riachtanacha ar fud na tíre. Ina measc sin, bhí Jonny Wang, atá 12 bliain d'aois, ceoltóir téaduirlisí ó Music Generation Baile Átha Cliath Theas, a chuir taispeántas ar fáil don Uachtarán agus do Sabina Higgins ar chéimeanna Áras an Uachtaráin freisin. Rinne Jonny ionadaíocht ar Music Generation ar stáitse sa Cheoláras Náisiúnta, áit a raibh sé i measc ceoltóirí agus amhránaithe ó ensembles agus ó eagraíochtaí mór le rá sa taibhiú ar Ode to Joy le Beethoven, a bhí á stiúradh ag an Ollamh James Cavanagh. [Léigh tuilleadh.](#)





IÚIL

Chuir Music Generation a gcéad ceolchoirm fíorúil riamh i láthair, Ceiliúradh Náisiúnta an tSamhraidh Music Generation ar YouTube an Luan, 13 Iúil. Cruthaíodh nóiméad i gceiliúradh seo an tsamhraidh le haitheantas a thabhairt do thiomantas ár gceoltóirí óga go léir agus a ndíograis ó thaobh cumadh ceoil, beag beann ar chúinsí. [Léigh tuilleadh.](#)

MEÁN FÓMHAIR

In ainneoin a bheith rannpháirteach i gceann de na séasúir is gnóthaí agus is casta riamh ó thaobh fillleadh ar an scoil, lean foirne áitiúla Music Generation le deiseanna a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga chun rochtain a fháil air agus taithí ceoil a fháil mar chuid de leagan na bliana 2020 den Oíche Chultúir i Meán Fómhair. [Léigh tuilleadh.](#)

SAMHAIN

Léirigh ambasadóirí óga ó Music Generation Laoise clár amhránaíochta lúcháireach 'I Wan'na Be Like You' in Oifig Ombudsman na Leanaí, do phríomhimeacht, 'Child Talks', a rinne ceiliúradh ar Lá Domhanda na Leanaí 2020. [Léigh tuilleadh.](#)

NOLLAIG


Thug ceoltóirí óga ar fud Music Generation faoi lár an stáitse mar chuid de shraith Chistí na hÉireann d'imeachtaí Ceiliúradh Fíorúla an Gheimhridh, a bhí á léiriú i mBostún, Chicago, San Francisco agus Nua-Eabhrac.

"tá sé iontach... agus mothaíonn tú sa taibhiú sin, an muintearas agus an chruthaitheacht a lean ar aghaidh le linn na dianghlasála."

– Caitriona Fottrell, Cistí na hÉireann.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS TORTHAÍ NA BLIANA 2020

AN BHLIAIN 2020 FAOI ATHBHREITHNIÚ




RANNPHÁIRTÍOCHT

Ar nós gach earnáil eile den tsochaí, bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga le gníomhaíochtaí ceoil. Chiollaigh sé sin gur éiligh na srianta ar Music Generation teacht suas le cur chuige nua agus bealaí nuálacha ó thaobh cláir. Rinneadh athshamhlú ar chlár nó rinneadh iad a dhearadh go sonrach chun go n-oibreodh siad i gcomhthéacs Covid-19, ar mhaithe le leanúint ar aghaidh le deiseanna a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga chun a bheith rannpháirteach i gníomhaíochtaí ceoil. Mar sin féin, bhí tionchar na paindéime le brath agus cuireadh roinnt cláir ar sos nó rinneadh laghdú orthu mar thoradh ar na srianta. Tháinig titim 30% ar na leibhéil rannpháirtíochta le linn na bliana mar gur bogadh formhór na gclár ina raibh freastal fisiciúil i gceist leo ar líne.

Le léiriú iomlán a thabhairt ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí, bailíodh faisnéis ar rannpháirtíocht agus ar chlár ag pointí éagsúla sa bhliain 2020. Roimh an bpaindéim, bhí leanaí agus daoine óga bainteach le cláir Music Generation 59,235 uair (le linn na tréimhse ó Eanáir go lár mhí an Mhárta 2020). Tháinig laghdú go dtí 41,708 air sin sa ráithe dheiridh den bhliain nuair a cuireadh tús arís le gníomhaíochtaí fisiciúla, cé go raibh roinnt srianta i gceist.

Rannpháirtíocht ar Chláir Music Generation le linn na bliana 2020




Chun deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a uasmhéadú le linn na bliana 2020, chruthaigh Music Generation 107 clár nua. Chuir go leor de na cláir seo deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun a bheith rannpháirteach in ainneoin srianta Covid-19. Mar shampla, tháinig ardú 157% ar rannpháirtíocht i gCláir Aonuaire agus i gCláir atá Gearr (ar nós máistir-ranganna, campaí samhraidh, srl.) agus tháinig ardú 137% ar dheiseanna chun a bheith rannpháirteach i dTioncnaimh Forbartha Lucht Féachana. Chuir Music Generation freisin le cláir nua i gcúig cinn de cheantair nua – Ciarraí, Cill Dara, an Mhí, an Longfort agus Tiobraid Árann.

Bhí 299 clár á reáchtáil ag Music Generation i 717 ionad ar fud na tíre ag deireadh na bliana 2020. Rinneadh na cláir seo a sheachadadh i raon meáin, stíl oideolaíochta agus fócas.


Chuir leanaí agus daoine óga 879 taibhiú ceoil i láthair. Ní raibh díreach ach 2% de na taibhithe seo ar siúl go fisiciúil, a léiríonn srianta Covid-19, agus chun a chinntiú go raibh na taibhithe in ann dul ar aghaidh, rinneadh a bhformhór a sheachadadh ar líne mar thaibhithe fíorúla (38%) nó taibhithe a bhí réamhthairfeadta (51%).

Comhdhéanamh Banc Uirlisí Music Generation




Reáchtáil Ceantair LMEP Music Generation 25 Banc Uirlisí a chuimsíonn os cionn 33,000 uirlis agus míreanna trealamh ceoil. Déanta na firinne, déantar míreanna cnaguirlisí a chomhaireamh i mbaisceanna agus dá mbeadh gach croiteoir, tambóirín agus bloc adhmaid curtha san áireamh, d'fhéadfadh an figiúr seo a bheith i bhfad níos airde. Taispeánann an bharrachairt maidir leis an gcineál trealamh 'cnaguirlisí beaga' ar dhath oráiste chun iad a idirdhealú ó phíosáí níos mó de threalamh cnaguirlisí móra ar nós foireann drumáí, timpani, drumáí láimhe, gamalananna, srl.

Ceantair go léir Music Generation



Tugann Music Generation léiriú ar phróifíl rannpháirtithe, sa chás é sin a bheith indéanta, cé nach bhfuil sé indéanta i gcónaí a bheith ar an eolas maidir le haois an rannpháirtí mar gheall go bhfuiltear i mbun oibre ar líne. Is gnách le cláir Music Generation oibriú den chuid is mó le leanaí san aoisghrúpa 7-12 bliain d'aois.

Cion na Rannpháirtithe i ngach aon Aoisghrúpa



ACMHAINNÍ DIGITEACHA

Chun an t-aistriú chuig rannpháirtíocht chianda leanaí agus daoine óga a éascú, rinneadh ábhar ar líne a dhearadh, a sheachadadh agus/nó a chur ar fáil do rannpháirtithe Music Generation chomh maith le líonraí leathana leanaí agus daoine óga. Áirítear sa chineál seo ábhar:

- teagasc ceoil físeáin
- físeáin theicniúla (m.sh. ‘Conas ucaileile a thiúnáil’ nó ‘Conas amhrán a thaifeadadh’)
- acmhainní a fhorbairt do PME (m.sh. fuaimrian taca, fuaimrian cliceála, pass the riff)
- acmhainní digiteacha eagraíochtúla (m.sh. glacadh le hardáin ar nós Padlet, My Music Staff, Soundtrap agus Stáisiúin Oibre Fuaimne Digiteacha eile [DAWs], srl.)


Chruthaigh Music Generation 4,392 píosa ábhar digiteach do leanaí agus do dhaoine óga sa bhliain 2020.

AG OBAIR LE CEOLTÓIRÍ

Fostaíodh 583 Oideoir Ceoltóra i gCeantair LMEP Music Generation agus d’earcaigh díreach os cion leath de Cheantair Music Generation Oideoirí Ceoltóra sa bhliain 2020.

D’eagraigh Ceantair LMEP Music Generation cuairteanna do cheoltóirí gairmiúla – thug 169 ceoltóir gairmiúil 191 cuairt ar Cheantair LMEP Music Generation le linn na bliana 2020.

Cineál na gCuariteanna ó Cheoltóirí Gairmiúla



BORD MUSIC GENERATION AGUS OIFIG FORBARTHA NÁISIÚNTA

AN BORD

Tá Music Generation DAC, a bhunaíodh mar fhochuideachta de Music Network CLG, á rialú ag Bord Stiúrtha ar a bhfuil deichniúr comhaltaí.

COMHALTAÍ BOIRD MUSIC GENERATION SA BHLIAIN 2020

- **Leo Blennerhassett (Cathaoirleach)**
Cathaoirleach agus iarStiúrthóir Bainistíochta Accenture Ireland
- **Pat Burke**
iarArd-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Cathaoirleach an Choimisiúin um Scrúduithe Stát le déanaí
- **Anna Marie Delaney**
Príomhfheidhmeannach Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
- **Martin Drury**
Coimeádaí agus Comhairleoir Neamhspleách
- **John Kelly**
Scríbhneoir, Craoltóir agus buaiteoir gradam SONY, EMA agus PPI
- **David Leahy**
Príomhfheidhmeannach Bhord Oiliúna agus Oideachais na Gaillimhe agus Ros Comáin
- **Deirdre McCrea**
Comhairleoir Ealaíon Neamhspleách agus iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin Music Network
- **An tOllamh Mel Mercier**
Cathaoirleach na dTaibhealaíon, Acadamh Domhanda na hÉireann um Cheol agus Rince, Ollscoil Luimnigh
- **James Morris**
Bunaitheoir Windmill Lane Studios, Windmill Lane Pictures agus The Mill (Londain), atá ag obair le Windmill Lane i láthair na huaire chun Stiúideo Maisíocht Físe a bhunú i mBaile Átha Cliath
- **Chantal O'Sullivan**
Margaire Seandachta, comhalta de bhord Nua-Eabhrac de Chumann Seoirseach na hÉireann, comhalta de bhord de Chisté na hÉireann agus de Glucksman Ireland House Nua-Eabhrac

AN FHOIREANN

FOIREANN OIFIGE FORBARTHA NÁISIÚNTA MUSIC GENERATION SA BHLIAIN 2020

- **Rosaleen Molloy**
Stiúrthóir Náisiúnta
- **Anita Butler**
Oifigeach Airgeadais agus Riaracháin (ó Feabhra 2020)
- **Amy Byrne**
Oifigeach Cumarsáide agus Riaracháin (suas go dtí Feabhra 2020)
- **Cathriona Grange**
Bainisteoir Oibríochta
- **Helen Grant**
Bainisteoir Airgeadais
- **Aoife Lucey**
Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta
- **Cecelia Molumby**
Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta (ó Dheireadh Fómhair 2020)
- **Jenny O'Connor Madsen**
Bainisteoir Tacaíochta LMEP
- **Paula Phelan**
Ceannaire Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha
- **Liz Powell**
Bainisteoir Tacaíochta LMEP

RIALACHAS

BEALACH INA BHFEIDHMÍONN AN BORD

Is Bord neamhfheidhmiúcháin agus neamhspleách é Bord Stiúrtha Music Generation DAC. Tagann comhaltaí an Bhoird ó chúirí éagsúla agus tugann siad raon leathan saineolais agus scileanna chuig an mBord, lena n-áirítear, saineolas ealaíonta, oideachais, gnó agus cultúir. Tá deichniúr comhaltaí ar an mBord i láthair na huaire. In éineacht, tá siad freagrach as ceannaireacht a sholáthar agus as forbairt straitéise, riosca a aithint agus a mhaolú agus monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus ar bhuiséid na heagraíochta.

Tá próisis oibríochta agus rialaithe i bhfeidhm ag Music Generation, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC) lena chinntiú go bhfeidhmíonn Music Generation ar bhealach oscailte agus trédhearcach, go bhfuil Music Generation ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí reachtúla/dlíthiúla agus oibleagáidí rialachais a chuid maoinitheoirí agus deontóirí go léir.

Tugann Music Generation an aird chuí ar straitéisí náisiúnta ábhartha, ar bheartais Rialtais agus ar an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tá Music Generation ag cloígh freisin le Ráiteas Carthanais ar Chleachtas Molta - "SORP".

Tá Music Generation DAC á rialú ag Bunreacht agus tá an Bord Stiúrtha tiomanta na caighdeáin is airde rialachais corparáideach a chothabháil, lena n-áirítear, cloígh le Cód Cleachtas Carthanais an Rialóra Carthanais.

MINICÍOCHT CHRUINNITHE AN BHOIRD AGUS CRUINNITHE COISTE

Tionóltar Cruinnithe Boird 6 go 8 uaire in aghaidh na bliana. Sa bhreis air sin, tagann coistí Boird atá níos lú le chéile chun plé a dhéanamh ar ábhair ar nós Acmhainní Daonna, Iniúchadh agus Riosca, Cruthaitheacht agus Comhoibriú.

RÁITEAS MAIDIR LE BEARTA BAINISTÍOCHTA RIOSCA


Tá Coiste Iniúchadh agus Riosca bunaithe ag Bord Music Generation a dhéanann maoirseacht ar Chlár Riosca an Chomhlachta agus a dhéanann monatóireacht ar na rioscaí go léir atá i ndán don eagraíocht.

AIRGEADAS


ACHOIMRE AR FHIGIÚIRÍ NA BLIANA 2020

- Bhí ioncam iomlán **€5,955,626** ag Music Generation DAC don bhliain 2020
- Fuarthas bunmhaoiniú **€1,562,964** ó Chistí na hÉireann agus fuarthas **€4,385,000** ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais.
- Áirítear ar ioncam eile a fuarthas (**€7,662**) ioncam taisce agus maoinithe chun deiseanna tacaíochta ó thaobh tabhaithe a thabhairt do cheoltóirí óga.
- Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear ar Music Generation costais eisíocaíochta cláir do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil agus costais reatha na hOifige Forbartha Náisiúnta.
- Cuireann Music Generation DAC maoiniú ar fáil do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (LMEPanna) nuair a bhíonn suim choibhéiseach faighte trí chómhaoiniú a ghintear go háitiúil. As an **€5m** a bhailigh na LMEPanna sa bhliain 2020, cuireadh **€1m** ar fáil mar Thacaíocht Chomhchineáil. Aithnítear leis sin, an cion suntasach a chuireann gach ceantar LMEP ar fáil do chóiríocht oifige, d'fhorchostais agus don fhoireann riaracháin atá riachtanach chun tacú le cláir Music Generation.

**IONCAM IOMLÁN
DO CHLÁR MUSIC GENERATION**



**CAITEACHAS IOMLÁN
DO CHLÁR MUSIC GENERATION**



AGUISÍNÍ

AGUISÍN A

COMHALTAS AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD SA BHLIAIN 2020

	13 Feabh	02 Aib	20 Bealt	26 Meith	24 MF	13 Samh	15 Noll
Leo Blennerhassett	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Martin Drury	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Pat Burke	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
James Morris	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Deirdre McCrea	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Chantal O'Sullivan		✓	✓			✓	✓
David Leahy		✓	✓	✓		✓	✓
Anna Marie Delaney	✓	✓	✓		✓	✓	✓
John Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Mel Mercier	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓

AGUISÍN B

COSTAIS A ÍOCADH LE COMHALTAÍ AN BHOIRD SA BHLIAIN 2020

- Níor íocadh aon Táillí Stiúrthóra le Comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2020.
- Níor íocadh aon chostais le Comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2020.

COMHPHÁIRTITHE CISTITHE

Is cúis mórtais do Music Generation go bhfuil tacaíocht acu ó:

PRÍOMHDHEONTÓIRÍ DAONCHAIRDIS




THE
IRELAND
FUNDS

BANK OF AMERICA 

MAOINITHEOIRÍ



An Roinn Oideachais
Department of Education



COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ ÁITIÚLA OIDEACHAIS CEOL

COMHPHÁIRTÍ CLÁIR





**Music
Generation**

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme. A Music Network Initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds, The Department of Education and Local Music Education Partnerships



An Roinn Oideachais
Department of Education